



Tá iarratais á lorg ó iarrthóirí oiriúnacha don phost seo a leanas:

Ollamh Cúnta
Fiontar agus Scoil na Gaeilge
Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta
Conradh ar Théarma lánaimseartha

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Ollscoil óg, uaillmhianach, bhríomhar is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (www.DCU.ie) a bhfuil de mhisean aici ‘an saol agus an tsochaí a chlaochlú tríd an oideachas, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht’. Is fearr eolas uirthi in Éirinn mar ‘Ollscoil na Fiontraíochta agus an Chlaochlaithe’, agus tá sí tiomanta do chothú na tallainne, mar aon le haimsiú agus aistriú an eolais chun leas na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn.

Tá os cionn 20,000 mac léinn ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcúig dhámh atá scaipthe ar thrí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon-Droim Conrach i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. A bhfuil lena cur chuige nuálach i leith an teagaisc agus na foghlama, cuireann an Ollscoil ‘eispéireas trasfhoirmeach mac léinn’ ar fáil a chuidíonn le céimithe a bhfuil an-tóir orthu a fhorbairt. Faoi láthair tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar an Ollscoil is fearr in Éirinn don ‘Ráta Fostaíochta Iarchéime’, agus d’ioncam céimithe (An Phríomh-Oifig Staidrimh).

Is Ollscoil diantaghde í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá roinnt Lárionad Taighde maoinithe ag SFI inti. Glacann an Ollscoil páirt i raon comhpháirtíochtaí taighde Eorpacha agus idirnáisiúnta. Is í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an phríomh-ollscoil Éireannach i réimse an aistrithe teicneolaíochta mar a léirítear le ceadúnú maoinne intleachtúla.

Mar institiúid ‘Tús Áite do Dhaoine’, tá DCU tiomanta don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Chuimsiú – Ollscoil a chabhraíonn le baill foirne agus le mic léinn rath a bheith orthu. Is ceannaire í an Ollscoil i dtéarmaí a cuid oibre chun rochtain ar oideachas a mhéadú, agus tá sí le háireamh i measc na hOllscoileanna is fearr ar domhan maidir le neamhionannais a laghdú i Ranguithe Tionchair an Times Higher Education.

Fiontar agus Scoil na Gaeilge

Scoil ildisciplíneach is ea Fiontar agus Scoil na Gaeilge atá aitheanta go hidirnáisiúnta ar chaighdeán na gclár a sholáthraítear inti agus ar nuálacht an teagaisc, an taighde agus an tsaothair atá ar bun ag an bhfoireann acadúil agus ag foireann na dtionscadal digiteach. Múineann foireann na Scoile modúil ar chlár laistigh de Dhámh na nDaonnachtaí & na nEolaíochtaí Sóisialta (BA Comhonoracha) agus in Institiúid Oideachais DCU (BEEd [Bunscolaíocht], BEEd i nGaeilge agus Francis/Gearmáinis/Spáinnis [Iarbunscolaíocht], Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas [Bunscolaíocht]). Tá an chlár fochéime eile seo á gcur ar fáil sa Scoil: BA Gnó & Gaeilge; agus dhá chlár iarchéime, MSc sa Ghnó agus Bainistíocht Dhigiteach, agus MA i léann na Gaeilge.

Próifíl an Róil

Beidh an té a cheapfar freagrach as réimse modúl trí mheán na Gaeilge a theagasc ar chláir na Scoile: BA Gnó & Gaeilge, BA Gaeilge, an MSc sa Ghnó agus Bainistíocht Dhigiteach, agus an MA i Léann na Gaeilge. Beifear ag súil go n-oibreoidh siad go dlúth le comhghleacaithe acadúla agus le páirtneírí tionsclaíocha eile maidir le tionscnaimh a dhearadh chun tras-scileanna na mac léinn a chothú. Beidh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí riaracháin agus seirbhíse na Scoile, na Dáimhe agus na hOllscoile, agus is chuig Ceann Scoile Fiontar agus Scoil na Gaeilge a thuirisceoidh siad.

Dualgais agus Freagrachtaí

Féach an Sonrúchán Poist chun teacht ar liosta dualgas agus freagrachtaí a ghabhann leis an ról seo.

Scileanna, Taithí agus Cáilíochtaí

Beidh bunchéim onóracha agus cáilíocht (dochtúireacht inmhianaithe) i dTeangeolaíocht na Gaeilge nó i réimse ábhartha ag iarratasóirí ar an bpost seo. Ceapfar iarrthóirí gan cháilíocht dochtúireachta mar léachtóir faoi bhun an bhaic. Ní mór dóibh cumas sa Ghaeilge a bheith acu chun réimse modúl a theagasc ag leibhéal fochéime agus iarchéime, dualgais riaracháin a chur i gcrích, agus cur le clár taighde na Scoile. Is trí mheán na Gaeilge a phléifidh siad le mic léinn agus le foireann na Scoile. Ba bhuntáiste é taithí a bheith acu cheana féin ar theagasc ar an tríú leibhéal agus ar an teagasc i dtimpeallacht foghlama chumaisc. Ba chabhair é, freisin, an cumas a bheith acu modúil i réimse na teicneolaíochta agus corpas na Gaeilge a mhúineadh.

Oiliúint Riachtanach

Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionductú, Sláinte agus Sábháilteacht, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus gach cuid de Thraenáil Feasachta i leith Cibearshlánda. Is féidir go mbeidh oiliúint eile le cur i gcrích de réir mar is cuí.

Scálaí Tuarastail:

Léachtóir (faoi bhun an bhaic): €44,125 – €60,422*

Ollamh Cúnta (os cionn an bhaic): €58,629 - €93,957*

**Déanfar an ceapachán i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí an iarrthóra, agus de réir pholasaí pá reatha an Rialtais.*

Spríodhata: 14 Iúil, 2023

Ba cheart fiosrúcháin neamhfhoirmeálta maidir leis an ról seo a chur chuig:

An tOllamh Ciarán Mac an Bhaird, Ceann Scoile, Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Email: ciaran.macanbhaird@dcu.ie

Ná cuir iarratais chuig an seoladh r-phoist seo, ach chuig an seoladh r-phoist thíos.

Cur Chuige Iarratais

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin Fholúntais Reatha DCU <https://www.dcu.ie/hr/vacancies-current-vacancies-external-applicants> (iarratasóirí seachtracha). Ba cheart iarratais ar an bhfoirm oifigiúil a sheoladh ar r-phost chuig: hr.applications@dcu.ie

Luaigh go soiléir san iarratas uait agus i líne ábhair an r-phoist an post a bhfuil tú ag cur isteach air: Tag. Phoist: **#RC230403 Ollamh Cúnta**

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I gcomhréir le hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, tá an Ollscoil tiomanta do chaitheamh go cothrom leo siúd uile a bheidh ag plé lena nósanna imeachta earcaíochta, roghnúcháin agus ceapacháin.

Léiríonn Dámhachtain Chré-Umha Athena SWAN na hOllscoile a tiomantas i leith chur chun cinn an chomhionannais inscne agus réiteach bearnaí pá ar bhonn inscne. Tá eolas ar réimse polasaithe Ollscoile a bhfuil mar aidhm acu timpeallacht oibre thacúil sholúbtha a chothú ar fáil sna DCU Policy Starter Packs